



Ciorclán 0006/2020

## ÉAGSÚLÚ SOLÁTHAIR TEANGACHA IASACHTA SA CHURACLAM

### LEITHDHÁILEADH BREISE UAIREANTA LE HAGHAIDH IAR-BHUNSCOILEANNA AG TABHAIRT ISTEACH MIONTEANGACHA AGUS TEANGACHA IASACHTA NUA SA SCOILBHLIAIN 2020-2021 FAOI DÉANANN TEANGACHA NASC - STRAITÉIS DO THEANGACHA IASACHTA SAN OIDEACHAS IN ÉIRINN 2017-2026

#### DO BHOIRD BAINISTÍOCHTA, PRÍOMHOIDÍ AGUS FOIREANN TEAGAISC NA nIAR- BHUNSCOILEANNA, AGUS LE PRÍOMFHEIDHMEANNAIGH BHOIRD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

**LENA LEASAÍTEAR CIORCLÁN 0031/2019**

#### 1. Réamhrá

Is é cuspóir an Chiorcláin seo a chur in iúl d'údarais scoile go bhfuil leithdháileadh breise ar fáil d'iar-bhunscoileanna a thugann isteach teangacha iasachta breise don churaclam. Tá sé seo á dhéanamh i gcomhthéacs [Déanann Teangacha Nasc - Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026](#). Baineann príomhspríoc atá leagtha amach in [Déanann Teangacha Nasc](#) le líon na ndaltaí atá ag déanamh staidéir ar theangacha iasachta i scoileanna a mhéadú agus an raon teangacha a mhúintear a éagsúlú.

D'aithin an próiseas comhairliúcháin tosaigh a tharla sular foilsíodh an straitéis an gá atá le héagsúlacht na dteangacha atá ar fáil a mhéadú, agus aithníonn an straitéis an luach a thugann éagsúlacht teanga agus chultúrtha do dhaoine aonair, don tsochaí agus don gheilleagar. Is acmhainn shóisialta, chultúrtha agus náisiúnta é teacht na n-inimircigh ó bheagnach 200 tír ó 2000 i leith agus ba chóir fáilte a chur roimhe agus é a chothú agus is é seo an comhthéacs chun leithdháileadh breise a thabhairt isteach chun raon teangacha nua a sholáthar sa churaclam .

Mar chuid den straitéis teangacha iasachta, beartaíodh go mbeadh torthaí Iniúchadh ar Sholáthar Teangacha Iasachta in Iar-Bhunscoileanna 2017 (ar fáil [anseo](#) nó ag <https://ppli.ie/news/audit-of-foreign-languages-in-schools/>) in úsáid freisin chun gníomhartha sa todhchaí a threorú. D'aithin an t-iniúchadh Mandairínis na Síne agus an Spáinnis mar an dá theanga is mó a bhfuil spéis ag scoileanna inti ó thaobh méadú ar sholáthar teangacha eachtacha ach bhí spéis shuntasach sa Ghearmáinis, Polainnis, Iodáilis, Seapáinis agus Rúisis san ord seo. Nuair a fiafraíodh de phríomhoidí cad iad na hacmhainní a bheadh uathu chun soláthar teangacha iasachta a mhéadú ar an gcuraclam ina scoil mar chuid den iniúchadh seo, luaigh 58% méadú ar leithdháileadh múinteoirí. Luadh soláthar múinteoirí freisin agus táthar ag tabhairt aghaidh air sin ar leithligh trí mheán Scéim Uasoiliúna do Mhúinteoirí agus nua d'fhonn cáilíochtaí a sholáthar i Spáinnis do mhúinteoirí atá ann cheana.

Mar atá leagtha amach i nGníomh 2.A.6 den *Phlean Forfheidhmithe den Straitéis Déanann Teangacha Nasc*, spreagfar iar-bhunscoileanna chun an raon teangacha atá ar fáil a éagsúlú trí leithdháileadh breise nuair is féidir agus nuair is cuí.

Is iad a leanas na huairéanta atá a dtairiscint don bhliain acadúil 2020-21 maidir leis:

- an Iodáilis, an tSeapáinis, an Rúisis sa chás go bhfuil múinteoirí iar-bhunscoile lánchláraithe ar fáil ag an scoil

AGUS

- na ceithre theanga Curaclaim Ardteistiméireachta: an Mhandairínis, an Pholainnis, an Phortaingéilis agus an Liotuáinis.

Féadfar go soláthróidh an Teangacha Iar-bhunscoile Éireann (PPLI) múinteoir do na scoileanna a roghnaítear mar bheart gearrthréimhseach d'fhonn Teangacha Eachracha na hArdteistiméireachta a chur chun feidhme, sula bhfoilsíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta critéir chlárúcháin múinteoirí.

Is maoinithe 100% de chuid ROS é Teangacha Iar-bhunscoile Éireann (PPLI) atá freagrach as roinnt príomhghníomhartha a chur chun cinn i *Déanann Teangacha Nasc*. Faoi láthair cuireann siad múinteoirí Seapáinise, Cóiréise, Liotuáinise, Mandairínise Síneise, Portaingéilise, Polainnise agus Rúisise lasmuigh den chuóta atá ar fáil i scoileanna chun tabhairt isteach teangacha nua sa churaclam a éascú. Níl an tsamhail soláthair seo ach sealadach, áfach, agus ní éascaíonn sé meicníocht a éascaíonn scoileanna chun úinéireacht a ghlacadh ar na hábhair nua san fhadtéarma. Dá bhrí sin, léirítear sa chiorclán seo bealach trína gcuirtear ar chumas scoileanna úinéireacht a ghlacadh ar na hábhair nua. Meastar go gcruthóidh an tsamhail nua seo inmharthanacht san fhadtéarma agus go n-éascófar príomhshruthú na múinteoirí seo dá réir.

## **2. Critéir le cur i bhfeidhm le haghaidh Leithdháileadh Teanga Eachracha breise d'iar-bhunscoileanna (Meán Fómhair 2020 - Lúnasa 2021)**

Beidh scoileanna a chomhlíonann na critéir seo a leanas i dteideal iarratas a dhéanamh ar leithdháileadh breise in 2020/2021 chun críche sonracha teanga nua iasachta a thabhairt isteach sa churaclam ina scoil:

- Ní mór don scoil múinteoir **cláraithe agus cáilithe iar-bhunscoile** a bheith ar fáil
- Ní mór na huairéanta a úsáid chun **teanga a sholáthar nach bhfuil an scoil ag soláthar faoi láthair ón leithdháileadh reatha atá ann don scoilbhliain 2019-20**
- Is féidir iarratas a dhéanamh **ar theanga amháin in aghaidh na scoile** faoin scéim
- **Tiomantas** an teanga a sholáthar ar feadh 2 bhliain ar a laghad d'fhonn **soláthar fadtéarmach a sholáthar trí leithdháileadh rialta na scoileanna**. Seo a leanas na féidearthachtaí a bhaineann le teanga nua a sholáthar laistigh de churaclam scoile atá beartaithe:
  - 2 bhliain i gcás gearrchúrsa sa tSraith Shóisearach
  - 2 bhliain i gcás teanga a chuirtear ar fáil ab initio sa 5ú bliain
  - 3 bliana i gcás sonraíocht ábhair iomlán curtha ar fáil ón gcéad bhliain, NÓ
  - 3 bliana i gcás teanga a soláthraíodh ar feadh 3 bliana sa tsraith shinsearach ón Idirbhliain
- Ba chóir teanga nua a thabhairt isteach sa chéad bhliain den tSraith Shóisearach i gcás sonraíocht iomlán nó sa 1 bliain nó sa 2ú bliain i gcás gearrchúrsa NÓ ag tús na Sraithe Sinsearaí nuair a sholáthraítear teanga nó tacaíocht ab initio do theanga neamh-churaclaim don Ardteistiméireacht (an Idirbhliain nó an 5ú bliain mar is cuí). I mBliain 2 ba chóir an teanga a chur ar fáil i ndá bhlianghrúpa agus i mBliain 3 i dtrí bliana. **Méadófar Leithdháileadh Teanga Eachracha gach bliain mar atá leagtha amach sa Tábla ag 3 thíos.**

- Sa tSraith Shinsearach, ba cheart do scoileanna a chinntiú go ndéantar idirdhealú soiléir idir clár na hIdirbhliana agus sonraíocht na hArdteistiméireachta comhfhreagraí. Cé nach cuid den tSraith Shinsearach é, ní cuid de chlár na hArdteistiméireachta é clár na hIdirbhliana, agus níor cheart breathnú air mar dheis chun trí bliana a chaitheamh in ionad dhá bhliain a chaitheamh ag déanamh staidéir ar ábhar na hArdteistiméireachta.
- Féadfar an t-iarratas don bhliain acadúil atá le teacht (2020/21) a dhéanamh d'aon cheann díobh seo a leanas:
  - An Iodáilis (teanga churaclaim níos lú múinte atá ar fáil mar ábhar iomlán sa tSraith Shóisearach agus sa tSraith Shinsearach ach a d'fhéadfaí a sholáthar mar ghearrchúrsaí i gcomhthéacs na sonraíochta gearrchúrsa cineálaí arna forbairt ag Teangacha Iar-bhunscoile Éireann (PPLI);
  - Seapáinis nó Rúisis (ar fáil mar ghearrchúrsaí sa tSraith Shóisearach agus mar ábhair iomlána sa tSraith Shinsearach);
  - Mandairínis, Polainnis, Portaingéilis agus Liotuáinis na hArdteistiméireachta (ar fáil mar ábhair churaclaim nua ó Mheán Fómhair 2020).
- Ba chóir go mbeadh líon íosta de **8** ndalta i scoileanna ag clárú san ábhar nua i dteanga iasachta. Is mar a leanas a cinneadh líon íosta na ndaltaí a theastaíonn chun údar a thabhairt le soláthar na n-uaireanta bunaithe ar thorthaí an Iniúchta ar Sholáthar Teangacha Iasachta i Scoileanna agus ar líon na ndaltaí atá cláraithe sna teangacha sin faoi láthair.

### 3. Cur i bhfeidhm na scéime

- Leithdháilfear **na huaireanta** ar scoileanna iar-bhunscoile a ghlacann páirt sa *Scéim* mar seo a leanas:

Scéim Éagsúlaithe Teangacha Eachracha sa Churaclam	
Blianghrúpaí Páirteach sa Scéim	Leithdháileadh breise uaireanta do gach scoil sa tseachtain
Bliain 1	3
Bliain 2	6
Bliain 3	9
Bliain 4	7
Bliain 5	5
Bliain 6	3
Bliain 7	0

Sa chás ina soláthraíonn PPLI an múinteoir faoi láthair, féadfaidh an scoil iarratas a dhéanamh ar an líon uaireanta a sholáthraíonn PPLI faoi láthair, agus laghdú á chur i bhfeidhm ó Bhliain 4 ar aghaidh, ar scála sleamhnáin mar atá thuas. Déanfaidh PPLI faireachán ar úsáid na n-uaireanta sin agus déanfaidh sé athbhreithnithe tréimhsiúla mar chuid de phróiseas iniúchta leanúnach.

Meastar go dtabharfaí deis dhóthanach do scoil a ghlacann páirt sa scéim an teanga nua a dhéanamh féinchothaithe mar ábhar faoi Bhliain 7.

Is féidir le scoileanna iarratas a dhéanamh chun múinteoir a chomhroinnt faoin Scéim chun Múinteoirí a Chomhroinnt idir Iar-Bhunscoileanna Aitheanta ar feadh na scoilbhliana 2020/21 de réir Chiorclán 0015/2019. Más mian le dhá scoil múinteoir a chomhroinnt chun an Iodáilis, an tSeapáinis, an Rúisis, an Mhandairínis, an Pholainnis, an Phortaingéilis nó an Liotuáinis a theagasc, ba chóir do scoil amháin í féin a aithint mar scoil bhunaidh, agus an dara scoil mar scoil aíochta.

Is féidir foirm iarratais (a bheidh le comhlánú ar bhonn bliantúil) a fheiceáil in Aguisín 1. Ba chóir iarratas a dhéanamh trí **chliceáil** [ANSEO](https://www.surveymonkey.com/r/AdditionalAllocation4Langs20-21) nó *trí an nasc seo*:

<https://www.surveymonkey.com/r/AdditionalAllocation4Langs20-21>

#### 4. Meastóireacht ar Scéim Éagsúlaithe Teangacha Iasachta

Déanfaidh meastóireacht leanúnach ag PPLI tomhas ar a mhéid a chomhlíonann cur i bhfeidhm an chiorcláin seo cuspóirí *Déanann Teangacha Nasc - Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026*.

Beidh rannpháirtíocht leanúnach iar-bhunscoileanna sa *Scéim* ag brath ar choinníollacha an Chiorcláin seo agus aon chiorcláin eile a bhaineann leis an *Scéim* a chomhlíonadh. Sa chás go gcinneann an PPLI, tráth ar bith, nach bhfuil coinníollacha na *Scéime* á gcomhlíonadh, tá sé de cheart scoil a bhaint den *Scéim*.

#### 5. Tuilleadh Eolais

Déanfaidh an tAonad Polasaí Curaclaim agus Measúnachta sa Roinn Oideachais agus Scileanna maoirseacht ar chur i bhfeidhm na scéime seo. *Beidh iarratais, bainistíocht agus tacaíocht á riaradh ag PPLI.*

Ba chóir fiosrúithe maidir le hiarratas ar na huaireanta seo a sheoladh trí ríomhphost [info@ppli.ie](mailto:info@ppli.ie)

**Iarrtar ar phríomhoidí iar-bhunscoileanna an Ciorcláin seo a chur faoi bhráid gach ball den bhord bainistíochta / Boird Oideachais agus Oiliúna, múinteoirí (lena n-áirítear iad siúd ar saoire neamhláithreachta), pátrún na scoile, foireann choimhdeach, tuismitheoirí / caomhnóirí agus an pobal scoile áitiúil. Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag an NASC seo a leanas: [www.education.ie](http://www.education.ie)**

Evelyn O'Connor  
Príomhoifigeach  
An tAonad Polasaí Curaclaim agus Measúnachta  
An Roinn Oideachas agus Scileanna

29 Eanáir 2020

## **AGUISÍN 1**

### **Foirm Iarratais**

#### **Sonraí Teagmhála**

1. Ainm Scoile
2. Uimhir Rolla
3. Príomhoide
4. Teagmhálaithe Ainmnithe
5. Seoladh
6. Guthán

#### **Soláthar Teangacha Iasachta sa Scoil**

**7. Cad iad na teanga atá á dteagasc sa scoil faoi láthair? Cad é an líon a roghnaíonn gach ceann de na teangacha seo sa tSraith Shóisearach, san Idirbhliain, agus san Ardteistiméireacht?**

**8. Cén teanga ba mhaith leat a thabhairt isteach?**

**Mandairínis**

**Iodáilis**

**Seapáinis**

**Rúisis**

**Liotuáinis**

**Portaingéilis**

**Polainnis**

**9. Cén bhlianghrúpa ar mhaith leat soláthar a dhéanamh dó?**

**10. Líon tuartha daltaí**

**11. Cá mhéad uair an chloig sa tseachtain?**

**12. Ainm an mhúinteora atá beartaithe**

**Seoladh ríomhphoist:**

**Guthán:**

#### **Dearbhú**

- Dearbhaím an méid seo a leanas:
  - Tá múinteoir cláraithe agus láncháilithe agam (faoi Bhealach 2 de chlárú na Comhairle Múinteoireachta) ar fáil chun na huaireanta a mhúineadh
  - Tá an scoil tiomanta don ábhar a sholáthar ar feadh trí bliana agus é a sholáthar as ár leithdháileadh féin san fhadtárma
  - Spreagfaidh an scoil an múinteoir chun dul i mbun FGL ábhartha

**Síniú an Phríomhoide:** \_\_\_\_\_

**Dáta:**